OH Doc No. 2A

Recd From:
Tadhg O'Cnuadhlaoich

Date Recd:
16/04/07

# Aighneacht an Ionad Buail Isteach

chuig an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil don Éisteacht Béil i gcoinne an chinnidh atá molta don Ghníomhaireacht ar iarratas Shell E & P ar Cheadúnas um Chosc agus Rialú Chomhtháite ar Thruailliú i leith áise ag críochphort gáis Dhroichid Bhéal an Átha Buí, Co. Mhaigh Eo, Clárú-Uimh. PO738-01

**ag Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo ar an Luan, 16 Aibreán 2007**

---

**Sárú ar Chearta Teanga Gaeilge sa nGaeltacht**

- **leabhrán 1 agus litreacha 2 agus 3**

---

**Dochar don Chomhshaoil/Sárú ar Threoir Mheasúnú ar an dTionchar ar an gComhshaoil agus ar Limistéir Comhantais Speisialta**

- **litreacha 2, 3 agus 4**


---

**Aguisín 1 – cóip-litreacha ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus chuig Aire Ó Cuív agus An Coimisinéir Teanga**

Consent of copyright owner required for any other use.
For inspection purposes only.

EPA Export 25-07-2013:22:21:57

Environmental Protection Agency



LEABHRÁN EOLAIS[1] faighte

AS BÉARLA

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

...agement and IPPC Licensing

## ...spects of Licensing Procedures: Objections and Oral Hearings

epa
Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

EPA Export 25-07-2013:22:31:56

**Litir 2**

Ionad Buail Isteach na Gaeilge
f/ch Tadhg Ó Cruadhlaoich
Breachnach
Rath Iomhgáin
Co. Chill Dara
10 Aibreán, 2007

Noeleen Roche Uasal
Clár-Oifigeach
Oifig Ceadúnaithe & Treorach
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Bosca O.P. 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Co. Loch Garman

A Chara,

Go raibh maith agat as do litreacha den 8 Márta agus 20 Márta, táim buíoch as an gcomhfhreagras a bheith i nGaeilge uait. Táim buíoch freisin as cóipeanna na n-aigneachtaí eile a fuair sibh bainteach le iarratas Shell E&P ar Cheadúnas um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (CRCT) i leith áise ag Béal an Átha Buí.

Tá mé thar a bheith díomhach mar sin féin nach bhfuair mé cóip sa teanga Gaeilge de Thuairisc an Chigire agus cóip i nGaeilge den Cheadúnas Sealadach a bhaineann le Béal an Átha Buí, Co. Mhaigh Eo – mar a d'iarr mé i mo litir de 17 Feabhra (féach cóip mar eolas iniata). Níor thug sibh freagra in aon chor ar an t-iarratas sin.

Táim an-díomách freisin gur sheol tú cóip i mBéarla amháin (seachas píosa eolais i nGaeilge faoi bhur n-eagras féin, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, taobh istigh den chlúdach chúl). de bhróisiúr "Waste Management and IPPC Licensing, Aspects of Licensing Procedure: Objections and Oral Hearings". Níl aon mhaith ansin dúinn mar nach bhfuil ar ár gcumas an t-eolas a fháil trí Ghaeilge chun freastal ar an Éisteacht Béil atá sibh ag reachtáil i gCo. Mhaigh Eo go gairid. Ní fheicim cén chaoi gur féidir linn an t-eolas a fháil as Gaeilge in am tráth don éisteacht seo anois.

Tuigeann sibh gur i gceanntar Gaeltachta atá an obair seo ar fad ar siúl, agus go bhfuil sibh ag dáileadh eolais ar son an stáit trí Bhéarla amháin.

Tá gearán seolta ar aghaidh againn chuig Oifig an Choimisinéir Teanga sa Spidéal agus chuig an tAire Gnóthaí Pobal, Tuaithe agus Gaeltachta chomh maith.

Faoi iamh freisin tá cóip d'ár gcomhfhreagras le Coimisiún na hEorpa, mar eolas duit.

Is mise, le meas,

Tadhg Ó Cruadhlaoich
as son Ionad Buail Isteach na Gaeilge

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.

EPA Export 25-07-2013:22:21:58

**Litir 3**

An tIond Buail Isteach
f/ch Tadhg Ó Cruadhlaoich
Breachnach
Rath Iomgháin, Co. Chill Dara

17 Feabhra, 2007

An Stiúrthóir
Rannóg na gCeadúnas
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Bosca O. P. 3000
Eástát Chaisleán Johnstown
Co. Loch Garman

Re: Breith molta do Cheadúnas um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú do Shell E & P Ireland (Uimh. PO738-01)

A Chara,

Ó thaobh bunús chultúrtha, sóisialta, comhshaoil agus forbairt eacnamaíochta inmharthana, tá dualgas ar an tIonad Buail Isteach an aighneacht seo a chur chun cinn agus tá €126 iniata mar íocaíocht díobh.

Consent of copyright owner required for any other use. For inspection purposes only.

Ba mhaith linn, ar an gcéad dul síos, cóip sa teanga Gaeilge de Thuairisc an Chigire agus cóip i nGaeilge den Cheadúnas Sealadach a bhaineann le Béal an Átha Buí, Co. Mhaigh Eo a lorg uaibh. Beidh muid buíoch astu ar bhur luath-chaoithiúlacht.

Tá an fhorbairt seo faoi réimeas Treoir Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil 85/337/AE, 97/11/AE agus Treoir na nGnáthóg 92/43/AE, leasaithe.

Faoi Roinn 3 de Acht na hEorpa 1972, cheap an tAire Comhshaoil na hÚdaráis Pleanála mar an t-údarás inniúil chun Teoir Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil 85/337/AE agus 97/11/AE a chur i bhfeidhm.

Níor chuir sé san áireamh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná An Bord Pleanála, ná níor leasaigh sé Acht 1972 chun an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an Bord Pleanála a chur san áireamh chun Treoir Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil a chur i bhfeidhm. Dá réir sin, níl an chumhacht agaibhse, san Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, cinneadh a ghlacadh ar an moladh seo.

Ina theannta sin, tá aon chinneadh atá déanta ag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó an Bord ón dáta deiridh do aistriú nó cur i bhfeidhm na treorach lochtach ó thaobh an dlí de, agus tá na tionscnaimh ar fad go dtí an dáta seo fágtha gan stádas nó cosaint dlíthiúil.

EPA Export 25-07-2013:22:21:58

Mar thoradh glan ar seo tá ceist thromchúiseach ann faoi dhlistineacht pholasaithe árachais dona leithéid de thionscnaimh, atá curtha i ngnímh chun dáta trí chinnidh déanta ag eagrais nach bhfuil ainmnithe mar lucht déanta cinnidh/údaráis inniúla, cosúil leis an Bord Pleanála nó An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Mar gheall ar an éifeacht a bheidh ar an dtionsnamh seo ar Limistéir Caomhantais Speisialta éagsúla, is iad Coimisiún na hEorpa an t-údaráis bhunaidh, faoi Alt 6.4 de Treoir na nGnáthóg 92/43/AE, leasaithe.

**Ina theannta seo, fágfaidh aon chinneadh, seachas diúltú, an stát oscailte do éilimh ar dhamáistí ó dhaoine a bhfuil éifeacht ar na cinnidh seo orthu, agus féadfar éilimh a dhéanamh ar dhamáistí ón stát faoi easpa chomhlíonadh na dtreoracha éagsúla.**

Ina dhiaidh seo, táimid ag seoladh cóip den aighneacht seo mar bhunús de ghearán dlisteanach in aghaidh údaráis na hÉireann, chuig Coimisiún na hEorpa, chun scrúdú maidir le neamh-chomhlíonadh nó comhlíonadh mícheart ar Threoir Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil, agus an bhagairt a leanann sin do stádas na Limistéir Caomhantais Speisialta bainteach leis an dtionscnamh seo ag Béal an Átha Buí, Co. Mhaigh Eo.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Is mise,

Tadhg Ó Cruadhlaoich
ar son
Ionad Buail Isteach na Gaeilge
(www.ionad.org)

cc Coimisiún na hEorpa, rue le da Loi 2000, B-1048, An Bhruiséal

EPA Export 25-07-2013:22:21:58

**Litir 4**

Ionad Buail Isteach na Gaeilge
f/ch Tadhg Ó Cruadhlaoich
Breachnach
Rath Iomhgáin
Co. Chill Dara

31 Márta, 2007

Cláraitheoir an Rúnaí-Ghinearálta
Aonad SG-A-2
Coimisiún na hEorpa
Rue de la Loi 2000
B-1049 Bruxelles
An Bheilg

Maidir le: **Gearán in aghaidh Údaráis na hÉireann agus an Ceadúnas um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú molta do Shell E & P Ireland (Uimh. PO738-01) ón Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.**

Consent of copyright owner required for any other use. For inspection purposes only.

A Chara,

Fáigh faoi iamh le do thoil ár n-aighneacht ar Cheadúnas um Chosc agus Rialrú Comhtháite ar Thruailliú molta do Shell E & P Ireland (Uimh. PO738-01).

An chéad chuid d'ár ngearán ná easpa cur i bhfeidhm, nó cur i bhfeidhm lochtach den Treoir Mheasúnú ar an dTionchar ar an gComhshaoil. Cuireadh in iúl dúinn, san Ionad Buail Isteach, agus tá alltacht orainn, nach bhfuil Treoir Mheasúnú ar an dTionchar ar an gComhshaoil 85/337/EEC leasaithe, comhtháite go hiomlán, tar éis 21 bliain, lenár ndlí náisiúnta nó le dlí na mBallstát. Sé ár dtuairim, agus creidimid nár leasíodh Acht an Chomhphobal Eorpach 1972 leis an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó an Bord Pleanála a chuir san áireamh, nach bhfuil údarás ag an mBord Pleanála nó an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil éifeacht a thabhairt don Treoir Mheasúnú ar an dTionchar ar an gComhshaoil.

'Sé an dara cuid d'ár ngearán ná go bhfuil éifeacht ar an bhforbairt ag Béal an Átha Buí ar (féacht Limistéar Comhantais Speisialta 00476) agus thart ar sé cinn de Limistéir Comhantais Speisialta eile sa gCuan atá ceangailte leis an suíomh (do liosta iomlán suíomhanna ar cuireadh isteach orthu, féach cinneadh an Choimisiúin de 7 Nollaig, 2004 ag glacadh liosta suíomhanna tábhachtach don phobal don réigiún beo-thíreolaíochta Atlantach, ag leanacht Teoir Comhairle 92/43/EEC. (curtha in iúl faoi dhoiciméid uimhir C(2004) 4032))

I ráiteas Alt 6.4 de Threoir na nGnáthóg 92/43/EEC deirtear:
"4. Má chaitear, in ainneoin measúnú diúltach ar na himpleachtaí don suíomh agus in éagmais malairt fuascailt, plean nó tionscnamh a chur i gcrích ar fáthanna práinneacha dosháraithe leasa phoiblí, maraon le fáthanna eacnamaíochta nó sóisialta, tá dualgas ar an mballstát gach céim cúitimh gur gá a ghlacadh chun a chinntiú go gcosnófar

EPA Export 25-07-2013:22:21:58

leanúnachas iomlán na comhtháthaithe de Natura 2000. Cuirfidh sé in iul don Choimisiún na gnímh cúitimh a ghlacadh.

Nuair atá suíomh i gceist gur óstóir é do chineál gnáthóg nádúrtha le tosaíocht agus/nó gné le tosaíocht, ní féidir a áireamh ach na gnéithe siúd atá bainteach le sláinte daonna nó slándáil phoiblí, do thorthaí tairbheacha den chéad tábhacht don chomhshaoil, nó ag leanacht tuairim an Choimisiúin, ar fáthanna práinneacha eile ar leasa phoiblí."

Dá bhrí sin, faoi Alt 6.4 de Theoir na nGnáthóg 93/43/EEC, ní féidir ach le cinneadh an Choimisiún Eorpach aon athrú a cheadú do stádas an Limistéir Caomhantais Speisialta, dá bhrí sin ins an gcás seo is sibhse, an Coimisiún, na breithimh deiridh.

Sílimid go bhfuil na sáraithe seo tábhachtach agus go bhfuil sé rí-thábhachtach go gcomhlíonann sibh bhur ndualgas gan mhoill, chun dlí na hEorpa a chur i bhfeidhm faoi Acht na gConarthaí, chun idirghábhail a dhéanamh agus stop a chuir le diúltú náireach agus leanúnach Udarás na hÉireann ar neamh-chomhlíonadh, gur cosúil le gnás stairiúil é.

Creideann muid, go háirithe, go bhfuil locht chomh bunúsach luaite sa chéad chuid d'ár ngearán, ar chomhlíonadh Alt 12 de Threoir 85/337/EEC go bhfuil sé do-mhaite agus gur leor é mar údar idirghabháil láithreach.

Is mise, le meas,

Tadhg Ó Cruadhlaoich
ás son Ionad Buail Isteach na Gaeilge

i.s. Beidh muid sásta leagan Fraincise den litir seo a chuir ar fáil duit, munar acmhainn daoibh plé linn trí Ghaeilge.

Iatán: aighneacht chuig an
Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

EPA Export 25-07-2013:22:21:58

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

EPA Export 25-07-2013:22:21:58

# Aguisín 1

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Headquarters, PO Box 3000
Johnstown Castle Estate
County Wexford, Ireland

Ceanncheathrú, Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T: +353 53 916 0600
F: +353 53 916 0699
E: info@epa.ie
W: www.epa.ie

LoCall: 1890 33 55 99

Mr. Tadhg Ó Cruadhlaoich
An tIond Buail Isteach
Breachnach
Rath Iomgháin
Co Chill Dara

20 Márta, 2007 Cláru-Uimh. P0738-01

re: Éisteacht Béil ar na hagóidí i gcoinne an chinnidh atá molta don Ghníomhaireacht a dhéanamh ar an iarratas a rinne Shell E&P Ireland ar Cheadúnas um Chosc agus Rialú Chomtháite ar Thruailliú (CRCT) i leith áise atá acu ag Críochphort Gáis Dhroichid Bhéal an Átha Bhuí, Bellagelly Theas, Co. Mhaigh Eo. Cláru-Uimh. P0738-01

Consent of copyright owner required for any other use.
For inspection purposes only.

A Mhic Uí Chruadhlaoich a Chara,

Tá orm tagairt don litir a chuir an Ghníomhaireacht chugat ar an 8ú Márta 2007 ag cur in iúl duit cinneadh na Gníomhaireachta chun éisteacht béil a thionól maidir leis na hagóidí i gcoinne an chinnidh mholta faoin dtagairt luaite thuas.

Tá orm a chur in iúl go reáchtálfar an éisteacht faoi réir forálacha Achtanna an Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil (GCC), 1992 go dtí 2003 agus na Rialacháin a ghabhann leo. Mar eolas, tá mé ag cur chugat le seo foilseachán de chuid na Gníomhaireachta dar dteideal "*Waste Management and IPPC Licensing – Aspects of Licensing Procedures: Objections and Oral Hearings*", a thugann achoimre ar na modhanna imeachta i ndáil le hagóidí a bhreithniú agus éisteachtaí béil a thionól. Ní cheart glacadh le seo mar shainléiriú dlíthiúil ar an reachtaíocht áfach.

Tá orm a chur in iúl duit, faoi réir Airteagail de na Rialacháin GCC (Ceadúnú) 2004, gurbh iad seo a leanas na socruithe atá déanta don éisteacht béil:

| | |
|---|---|
| **Láthair:** | **Broadhaven Bay Hotel, Béal an Mhuirid, Co Mhaigh Eo.** |
| **Le Tosú:** | **10.00r.n Dé Luain 16ú Aibreán, 2007.** |



EPA Export 25-07-2013:22:21:58

Beidh duine ceaptha ag Bord na Gníomhaireachta mar Chathaoirleach ar an éisteacht faoi réir na reachtaíochta.

Ionas gur féidir an éisteacht a reáchtáil go réidh tá sé tábhachtach an méid seo a leanas a nótáil:

- ✓ Má tá sé i gceist agat aighneacht nó aighneachtaí i scríbhinn a chur i láthair ag an éisteacht, bí cinnte go bhfuil go leor cóipeanna déanta agat (sa chás seo thart faoi 20 cóip) ionas gur féidir le páirtithe eile iad a scrúdú agus tuairimí a thabhairt fúthu i gcaitheamh na héisteachta.

- ✓ má tá sé i gceist agat úsáid a bhaint as trealamh cosúil le hosteilgeoir, teilifís/fiseáin/dvd etc. le linn duit do chuid láithreoireachta/aighneachta a dhéanamh ba cheart duit é sin a chur in iúl don Ghníomhaireacht chomh luath agus is féidir. Déanfaidh an Ghníomhaireacht gach iarracht cuidiú le gach aoinne faoi seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh sé de chúram ar an agóidí féin a shocrú go mbeidh an trealamh i láthair ag an éisteacht.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Is mise le meas,

Noeleen Roche
Clár-Oifigeach
An Oifig Ceadúnaithe & Treorach

Iniamh.



EPA Export 25-07-2013:22:21:58

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Headquarters, PO Box 3000
Johnstown Castle Estate
County Wexford, Ireland

Ceanncheathrú, Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T: +353 53 916 0600
F: +353 53 916 0699
E: info@epa.ie
W: www.epa.ie

LoCall: 1890 33 55 99

Tadhg Ó Cruadhlaoich, Uas.,
An tIond Buail Isteach
Breachnach
Rath Iomgháin
Co Chill Dara

8ú Márta, 2007 Cláru-Uimh. P0738-01

re: Agóid i gcoinne an chinnidh atá molta don Ghníomhaireacht a dhéanamh ar an iarratas a rinne Shell E&P Ireland ar Cheadúnas um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú (CRCT) i leith áise ag Béal an Átha Bhuí, Droichead Bhéal an Átha Bhuí, Bellagelly Theas, Co. Mhaigh Eo.

A Mhic Uí Chruadhlaoich, a chara,

Tagraím do litir na Gníomhaireachta don dáta 22ú Feabhra, 2007, ag admháil na hagóide uait i gcoinne an bhreithnithe mholta a bhfuil tagairt déanta dhó thuas.

Cuirtear chugat le seo cóipeanna de dhá agóid dhéag eile a fuair an Ghníomhaireacht i ndáil leis an gcinneadh molta céanna agus atá á gcur timpeall anois faoi réir Airteagail 30(1) de Rialacháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), 1994 mar a leasaíodh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuair an Ghníomhaireacht iarraidh ar Éisteacht Béil ó cheann amháin nó níos mó de na páirtithe san agóidíocht. Bhreithnigh Bord na Gníomhaireachta na hIarrataí seo ag a gcruinniú ar 6ú Márta, 2007.

Faoi na hAchtanna GCC, 1992-2003, tá discréid iomlán ag an nGníomhaireacht maidir le hÉisteacht Béil a thionól i ndáil le hagóidí nó a mhalairt agus sa chás seo. Tá cinneadh déanta ag an mBord go dtionólfar Éisteacht Béil ar na hagóidí ar dháta atá fós le socrú. Cuirfidh an Ghníomhaireacht sonraí na hÉisteachta in iúl duit .i. dáta, láthair agus am, chomh luath agus is féidir.

Tá orm a chur in iúl, chomh luath is a bhíonn an éisteacht críochnaithe, go gcuirfidh an Cathaoirleach tuairisc i scríbhinn chuig an nGníomhaireacht, agus beidh moladh sa tuairisc sin i ndáil le ceadúnas a fhaomhadh nó a dhiúltú. Déanfaidh Bord na Gníomhaireachta tuairisc an Chathaoirligh a mheas in am tráth, mar aon leis na hagóidí agus aighneachtaí déanta ag na páirtithe go léir.

In ainneoin go mbeidh Éisteacht Béil á tionól, tá sé de cheart agat, ach níl sé mar cheangal ort, aighneacht eile a dhéanamh don Ghníomhaireacht faoi na hagóidí bailí eile. Ní mór aighneachtaí faoi agóidí a dhéanamh i scríbhinn agus is féidir iad a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh 11ú Aibreán 2007, ionas gur féidir iad a chóipeáil agus a chur ar fáil do na páirtithe go léir ag an éisteacht. Is féidir aighneachtaí nach gcuirtear faoi bhráid na Gníomhaireachta faoin dáta seo a chur i láthair ag an éisteacht. Déanfaidh an cathaoirleach na haighneachtaí go léir den chineál sin a bhfaightear roimh nó ag an éisteacht a mheas.

Ionas gur féidir an éisteacht a reáchtáil go réidh, má tá sé i gceist agat d'aighneacht scríofa a chur i láthair ag an éisteacht, deimhnigh le do thoil go bhfuil go leor cóipeanna i do sheilbh agat (sa chás seo thart faoi 20 cóip) chun iad a scaipeadh ar na páirtithe eile i gcaitheamh na héisteachta.

For inspection purposes only. Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 25-07-2013:22:21:58

Déan nóta le do thoil gurbh í an Clárú-Uimhir atá tugtha don iarratas seo ar cheadúnas CRCT ná P0738-01. Cuir gach comhfhreagras maidir leis an ábhar seo le do thoil chuig *An tAonad Ceadúnaithe, Oifig Ceadúnaithe & Treorach, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bosca Post-Oifige 3000, Eastát Chaisleáin Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman.*

Is mise, le meas,

Noeleen Roche
Clár-Oifigeach
Oifig Ceadúnaithe & Treorach

(In-iamh).

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.



EPA Export 25-07-2013:22:21:58

# Aguisín 1

Breachnach
Rath Iomgháin
Co. Chill Dara

An Coimisinéir Teanga
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

A Chara,

Bheinn an-bhuíoch dá mbeadh sibh in ann an scéal seo a fhiosrú leis an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ar ár son. Fuair muid litreacha Gaeilge uathu, ach níl an t-ábhar a d'iarr muid ar fáil as Gaeilge nó go dátheangach, nó fiú ábhar ar bith ar fáil as Gaeilge bainteach le Ros Dumhach, Co. Mhaigh, breathnaíonn sé.

Le míle buíochas

Tadhg Ó Cruadhlaoich

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

EPA Export 25-07-2013:22:21:58

Breachnach
Rath Iomgháin
Co. Chill Dara
12 Aibreán, 2007

Éamon Ó Cuív Uasal
Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Dún Aimhirgín
46 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4

A Aire, a Chara,

Táimid uilig faoi chomaoin agat as ucht do mhór-iarrachtaí ar son na Gaeilge agus ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl duit ar dtús.

Níl fhios agam an bhfuil tú ar an eolas faoin scriosadh atá á imirt ar mhuintir na Gaeltachta i Ros Dumhach, Co. Mhaigh Eo. Scríobh muid isteach ag an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le ceist na Gaeilge agus ceisteanna comhshaoil. Fuair muid litreacha Gaeilge uathu, ach níl an t-ábhar a d'iarr muid ar fáil as Gaeilge nó go dátheangach, agus breathnaíonn sé nach bhfuil ábhar ar bith ar fáil as Gaeilge bainteach le scéal Ros Dumhach, Co. Mhaigh agus Shell.

For inspection purposes only.
Consent of copyright owner required for any other use.

Is trua linn an scéal seo maidir le comhlucht stáit ag feidhmiú i gceanntar Gaeltachta. Bheinn buíodh díot ach tacú linn inár n-iarrachtaí ar son muintir na Gaeltachta san áit álainn sin.

Le míle buíochas

Tadhg Ó Cruadhlaoich

Iatán

EPA Export 25-07-2013:22:21:58